



An Roinn Leanaí
agus Gnóthaí Óige
Department of Children
and Youth Affairs

Comhaontú um Obair le Chéile le Tuismitheoirí i rith Éigeandáil Covid



Comhaontú um Obair le Chéile le Tuismitheoirí i rith Éigeandáil Covid

Sonraítear sa chomhaontú seo conas a oibreimid i gcomhpháirt le teaghlaigh i rith an ama seo.

Ag obair le chéile chun Treoirínte Sláinte Poiblí a chur chun feidhme:

Tá obair shuntasach déanta againn chun na treoirínte sláinte poiblí ar fad a chur chun feidhme. Tá seisiúin oiliúna agus ionduchtúcháin eagraithe do na comhaltaí foirne agus tá siad ar an eolas faoi na hathruithe riachtanacha.

Éireoidh linn caighdeán ard rialú ionfhabhtuithe a chinntiú le cabhair uaibhse.

Níor cheart do leanaí ag a bhfuil teocht ard nó aon siomptóm eile de thinneas teacht i láthair.

Nigh do lámha agus lámha do linbh sula bhfágann sibh an teach.

Cabhróimid leis na leanaí a lámha a ní nuair a thagann siad gach lá.

Táimid ag iarraidh ort gan teacht isteach san fhoirgneamh chun idirghníomhaíocht idir daoine fásta a laghdú agus do leanbh a fhágáil ag an doras agus do leanbh a bhailiú ansin freisin.

Soláthróimid uimhir theileafóin ionas gur féidir leat glaoch orainn nuair atá tú taobh amuigh.

Cumarsáid Eadrainn:

Cé go mb'fhéidir go bhfuil ár bhfoirgneamh dúnta daoibh mar thuismitheoirí/caomhnóirí/cuairteoirí tá ár seirbhís oscailte agus táimid ag obair daoibh.

Geallaimid cumarsáid a dhéanamh le teaghlaigh gach seachtain chun an t-eolas is déanaí a roinnt libh.

Tógfaimid neart grianghraf ionas go mbeimid in ann iad a roinnt libh. (Leanfaimid lenár bpolasaí maidir le húsáid ceamaraí sa suíomh)

Geallaimid fiosrúcháin ó thuismitheoirí a fhreagairt go tráthúil.

Is féidir libh glaoch teileafóin nó físchomhrá a eagrú linn agus déanfaimid ár ndícheall labhairt leo ar an lá sin nó a luaithe agus is féidir nuair nach bhfuil na leanaí inár dteannta.

Ba cheart daoibh eolas a roinnt linn maidir le conas atá ag éirí leis na leanaí sa bhaile. Cabhróidh sé sin linn aire níos fearr a thabhairt do do leanaí.

Beidh conairí cumarsáide soiléire bunaithe.

Ag Obair le Chéile ar mhaithe leis na Leanaí:

Cuir in iúl dúinn má tá aon rud ag déanamh imní díot maidir le leas do linbh.

Tá gach rud fágtha mar an gcéanna, a oiread agus is féidir, do na leanaí taobh istigh den fhoirgneamh.

Beimid ag caitheamh an oiread ama agus is féidir ag spraoi taobh amuigh faoin aer.

Cinntigh go mbíonn uachtar gréine á chaitheamh ag na leanaí sula dtagann siad anseo agus go mbíonn a hataí gréine acu.

Ní féidir brath ar an aimsir in Éirinn agus mar sin cuirigí éadaí oiriúnacha don taobh amuigh ar fáil i gcomhair na leanaí le bhur dtoil.

Ná tabhair aon bhréagáin ón mbaile ach amháin bréagán compoird a theastaíonn ón leanbh chun dul a chodladh. Ba cheart aon bhréagán compoird a bheith nite agus glan.

